

**Iarraidh ar réamhrialú ó Landesgericht Korneuburg (an Ostair) arna taisceadh an 9 Feabhra 2022 – TT
v AK****(Cás C-87/22)**

(2022/C 213/34)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis***An chúirt a rinne an tarchur**

Landesgericht Korneuburg

Páirtithe sna príomhimeachta*Achomharcóir:* TT*Freagróir:* AK**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear Airteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 an 27 Samhain 2003 ón gComhairle maidir le dlínse agus maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair maidir le pósadh agus le freagracht tuismitheora, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1347/2000 ⁽¹⁾ a léirmhíniú sa chaoi go gciallaíonn sé go gceadaítear do na cúirteanna i mBallstát a bhfuil dlínse acu maidir leis an tsustaint, má mheasann siad go mbeadh cúirt i mBallstát eile, a bhfuil ceangal sonrach ag an leanbh sin leis, i riocht níos fearr chun an cás a éisteacht, nó cuid shonrach den chás, a iarraidh ar an gcúirt sin dlínse a ghlacadh fiú sa chás ina bhfuil gnáthchónaí ar an leanbh sa Bhallstát eile sin i ndiaidh aistriú éagórach?

2. Más freagra dearfach a thabharfar ar Cheist 1:

An gcaithfear Airteagal 15 de Rialachán Uimh. 2201/2003 a léirmhíniú sa chiall go bhfuil na critéir maidir le haistriú dlínse a leagtar amach san Airteagal sin rialaithe go huilechuimsitheach, gan gá le tuilleadh critéar a mheasúnú i bhfianaise na n-imeachtaí arna dtionscnamh faoi Airteagal 8(f) de Choinbhinsiún na Háige an 25 Deireadh Fómhair 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí?

⁽¹⁾ IO 2003 L 338, lch. 1.

**Iarraidh ar réamhrialú ó Rechtbank Den Haag, zittingsplaats 's-Hertogenbosch (an Ísiltír) arna
taisceadh an 22 Feabhra 2022 – X, Y, agus a seisear leanaí mionaoiseacha v Staatssecretaris van Justitie
en Veiligheid****(Cás C-125/22)**

(2022/C 213/35)

*Teanga an cháis: an Ollainnis***An chúirt a rinne an tarchur**

Rechtbank Den Haag, zittingsplaats 's-Hertogenbosch

Páirtithe sna príomhimeachtaí*Iarratasóirí:* X, Y, agus a seisear leanaí mionaoiseacha*Cosantóir:* Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear Airteagal 15 den Treoir um Cháiliú, ⁽¹⁾ arna léamh i gcomhar le hAirteagail 2(g) agus 4 den Treoir sin agus Airteagail 4 agus 19(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha, a léirmhíniú sa chaoi is, maidir leis an gceist an bhfuil gá le stádas cosanta coimhdí ag an iarratasóir, go gcaithfear na gnéithe ábhartha go léir a bhaineann le staid ar leith agus le himthosca pearsanta an iarratasóra agus staid ghinearálta na tíre tionscnaimh araon a scrúdú agus a mheas le chéile agus ina n-iomláine i gcónaí sula soiléireofar an díobháil thromchúiseach a raibh eagla ann roimhe a d'fhéadfaí a shuíomh leis na gnéithe sin?

2. Má thugann an Chúirt Bhreithiúnais freagra diúltach ar an gcéad cheist, an bhfuil an measúnú ar staid ar leith agus imthosca pearsanta an iarratasóra i gcomhthéacs an mheasúnaithe faoi Airteagal 15(c) den Treoir um Cháiliú, nithe a bhfuil sé soiléirithe cheana ag an gCúirt Bhreithiúnais ina leith nach mór iad a chur san áireamh, níos cuimsithí ná an measúnú ar an gcoinníoll indibhidiúlaithe dá dtagraítear i mbreithiúnas na Cúirte Eorpaigh um Chearta an Duine in *N.A. v. an Ríocht Aontaithe*?⁽²⁾ An bhféadfaí na gnéithe sin, san iarratas céanna ar chosaint choimhdeach, a chur san áireamh sa mheasúnú faoi Airteagal 15(b) agus (c) den Treoir um Cháiliú araon?
3. An gcaithfear Airteagal 15 den Treoir um Cháiliú a léirmhíniú sa chaoi is, agus an gá do chosaint choimhdeach á mheas, nach mór an scála aistritheach, mar a thugtar air, atá soiléirithe cheana ag an gCúirt Bhreithiúnais nach mór a chur i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar líomhain maidir le heagla roimh dhíobháil thromchúiseach de réir bhrí Airteagal 15(c) den Treoir um Cháiliú, a chur i bhfeidhm agus líomhain maidir le heagla roimh dhíobháil thromchúiseach de réir bhrí Airteagal 15(b) den Treoir um Cháiliú á meas freisin?
4. An gcaithfear Airteagal 15 den Treoir um Cháiliú, arna léamh i gcomhar le hAirteagail 1, 4 agus 19(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha, a léirmhíniú sa chaoi is go gcaithfear imthosca daonnúla, atá ina dtoradh díreach nó indíreach ar ghníomhartha agus/nó neamhghníomhartha de ghníomhaí is cúis le díobháil thromchúiseach, a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh an bhfuil cosaint choimhdeach de dhíth ar an iarratasóir?

⁽¹⁾ Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeán i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhéanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosanta coimhdí agus inneachar na cosanta a thugtar (athmhúnlú) (IO 2011 L 337, lch. 9).

⁽²⁾ ECHR 17 Iúil 2008, Uimh. 25904/07, *N.A. v. an Ríocht Aontaithe*, ECLI:CE:ECHR:2008:0717JUD002590407.

Iarraidh ar réamhrialú ón Nederlandstalige rechtbank van eerste aanleg Brussel (an Bheilg) a taisceadh an 23 Feabhra 2022 – NORDIC INFO v Belgische Staat

(Cás C-128/22)

(2022/C 213/36)

Teanga an cháis: an Ollainnis

An chúirt a rinne an tarchur

Nederlandstalige rechtbank van eerste aanleg Brussel

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: NORDIC INFO

Cosantóir: Belgische Staat

Na ceisteanna a tharchuirtear:

1. An gcaithfear Airteagail 2, 4, 5, 27 agus 29 de Threoir Saoránachta 2004/38,⁽¹⁾ lena gcuirtear Airteagail 20 agus 21 CFAE chun feidhme, a léirmhíniú amhail nach gcuirtear toirmeasc ar rialacháin Bhallstáit (sa chás seo, Airteagail 18 agus 22 den Ministerieel Besluit van 30 juni 2020 houdende dringende maatregelen om de verspreiding van het coronavirus COVID-19 te beperken (Foraithne Aireachta an 30 Meitheamh 2020 maidir le bearta práinneacha chun srian a chur le leathadh an choiróinvíreais COVID-19), arna leasú, faoi seach, le hAirteagail 3 agus 5 den Ministerieel besluit van 10 juli 2020 (Foraithne Aireachta an 10 Iúil 2020)), lena gcuirtear, trí bheart ginearálta;

- cosc, i bprionsabal, ar fhágáil i gcomhair taisteal neamhriachtanach ón mBeilg go tíortha san Aontas Eorpach agus i limistéar Schengen a aicmíodh mar dhearg iad i gcomhréir le cód dathanna a dréachtaíodh ar bhonn sonraí eipidéimeolaíocha, do náisiúnaigh de chuid na Beilge agus a mbaill teaghlaigh chomh maith le saoránaigh de chuid an Aontais a bhfuil cónaí orthu i gcúirte Beilgeacha agus a mbaill teaghlaigh;
- srianta ar dhul isteach (amhail coraintín agus tástálacha) ar shaoránaigh de chuid an Aontais nach náisiúnaigh de chuid na Beilge iad agus a mbaill teaghlaigh (cibé acu atá nó nach bhfuil sé de cheart acu bheith ina gcónaí i gcúirte na Beilge) i gcomhair taisteal neamhriachtanach ó thíortha san Aontas Eorpach agus i limistéar Schengen chuig an mBeilg a aicmíodh mar dhearg iad i gcomhréir le cód dathanna a dréachtaíodh ar bhonn sonraí eipidéimeolaíocha?